C/2026/2328

17.4.2026

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear an mhodheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht C(2025)1725

(C/2026/2328)

1. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an modheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin a láimhseáil (C(2025) 1725) ([1]), bunaítear príomhghné d'ailtireacht fheidhmíochtbhunaithe na Saoráide, lena n-áirithítear cur chuige comhréireach trédhearcach intuartha i leith measúnú a dhéanamh ar thráthchodanna.

2. Mar a luaitear i dTeachtaireacht C(2025)1725, féadfaidh an Coimisiún an mhodheolaíocht a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a ghnóthaíonn sé níos mó taithí ar a cur i bhfeidhm. Tar éis thart ar bhliain amháin de chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar thráthchodanna faoi Phlean na hÚcráine, tá taithí phraiticiúil leordhóthanach faighte chun údar a chur le hathbhreithniú ar an modheolaíocht.

3. Ina theannta sin, trí leanúint de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus trí dhlús a chur leis na hionsaithe ar bhonneagair chriticiúla shibhialtacha agus fuinnimh na hÚcráine, cruthaítear suaitheadh tromchúiseach le haghaidh obair reachtach Verkhovna Rada agus leantar de thionchar a imirt ar acmhainneachtaí riaracháin na hÚcráine.

4. Cuirtear an Teachtaireacht seo in ionad Theachtaireacht C(2025)1725 agus áirithítear léi go leanfaidh sí de bheith oiriúnach dá feidhm chun tacú le cuspóirí na Saoráide don Úcráin agus leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint an tráth céanna.

5. Tá íocaíocht na tacaíochta airgeadais faoi Phlean na hÚcráine ag brath ar chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla réamhshainithe a shainítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ([2]) agus sna leasuithe a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin ([3]).

6. Sonraítear i Rialachán (AE) 2024/792 ([4]) nach mór don Choimisiún an Chomhairle agus an Pharlaimint a chur ar an eolas gan moill mhíchuí mura gcomhlíontar go sásúil céim amháin nó níos mó de na céimeanna sin, agus gur féidir leis an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus an tacaíocht iasachta a chomhfhreagraíonn do na céimeanna sin a chur ar fionraí, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a áirithiú (mar a leagtar síos in Airteagal 310(5) CFAE, i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ([5]) agus in Airteagal 6(8) den Chreat-Chomhaontú ([6])).

7. Le hAirteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2024/792, ceanglaítear ar an gCoimisiún modheolaíocht a fhorbairt chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna a láimhseáil mar threoir.

8. Leis an modheolaíocht, tugtar tús áite do chur chun feidhme leanúnach an Phlean, rud a léiríonn go bhfuil sé bunaithe ar fheidhmíocht agus a léiríonn an meascán d'athchóirithe agus infheistíochtaí. Cruthaítear léi na dálaí chun an cistiú a eisíoc go tapa agus áirithítear léi go mbeidh aon fhionraí comhréireach agus intuartha araon, agus leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint freisin an tráth céanna.

([1]) IO C, C/2025/2114, 3.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2114/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).
([3]) Mar shampla, féach Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2025/2157, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2157/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).
([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).
([6]) Creat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le socruithe sonracha i dtaca le cur chun feidhme an chistithe ón Aontas faoin tSaoráid don Úcráin an 22 Bealtaine 2024.

9. Ba cheart don Úcráin leanúint dá lántiomantas a áirithiú chun na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá sa Phlean a bhaint amach in am. Trí íocaíochtaí a chur ar fionraí go páirteach, thabharfaí am breise don Úcráin dul i ngleic le saincheisteanna sonracha cur chun feidhme agus, idir an dá linn, tairbhe á baint aici as íocaíocht pháirteach a bhaineann leis na céimeanna atá comhlíonta go sásúil.

10. Má chomhlíontar an chéim/na céimeanna ar leith laistigh de 12 mhí ón measúnú diúltach tosaigh, déanfaidh an Coimisiún measúnú nua, agus an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792 á leanúint aige. Ar an gcéad dul síos, gan moill mhíchuí, cuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena mbunófar comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta. Ar bhonn an chinnidh a ghlacfaidh an Chomhairle, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-údarófar eisíoc an mhéid.

11. Má mheasann an Coimisiún nach ndearna an Úcráin na bearta ba ghá laistigh de 12 mhí ón measúnú diúltach tosaigh, seolfaidh sé an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2024/792. Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh sé fógra oifigiúil don Úcráin go bhfuil an tréimhse 12 mhí caite agus, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, nach ndearnadh na bearta ba ghá. Beidh 2 mhí ag an Úcráin ansin, tar éis don Choimisiún a fhógra a chur in iúl, chun a barúlacha a chur isteach.

12. Má chinneann an Coimisiún, tar éis na barúlacha sin a fháil, nach ndearna an Úcráin na bearta ba ghá, tíolacfaidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena laghdófar méid na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus méid na hiasachta i gcomhréir leis an gcuid a chomhfhreagraíonn do na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha. I gcomhréir le hAirteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2024/792, gníomhóidh an Chomhairle, de ghnáth, laistigh de mhí amháin tar éis di an togra ón gCoimisiún a fháil. Féadfaidh sí an togra ón gCoimisiún a leasú agus an togra leasaithe a ghlacadh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

13. Má aisiompaítear céim a measadh roimhe seo a bheith comhlíonta go sásúil agus mura bhfuil sí i gcomhréir a thuilleadh leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, arna leasú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme Cinneadh (AE) 2025/2157 agus le leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus cuirfidh sé an méid comhfhreagrach ón íocaíocht sa chéad tráthchuid eile ar fionraí, tar éis an t-aisiompú a bheith deimhnithe. I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/792, is féidir a mheas gur sásúil comhlíonadh an réamhchoinníll agus comhlíonadh na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla, ar choinníoll nár aisiompaíodh na bearta a bhaineann leis na céimeanna a bhfuil comhlíonadh sásúil bainte amach ag an Úcráin ina leith cheana. Má thagann an Coimisiún ar an gconclúid le linn an mheasúnaithe ar thráthchuid a rinneadh ina dhiaidh sin go ndearnadh céim a measadh roimhe seo a bheith comhlíonta go sásúil a aisiompú, molfaidh sé don Chomhairle méid comhfhreagrach a chur ar fionraí ó na chéad eisíocaíochtaí eile faoin bPlean agus na céimeanna a luaitear sna míreanna thuas a leanúint ina dhiaidh sin.

14. Leis an modheolaíocht, cuirtear san áireamh nach gcuireann na céimeanna uile le cuspóirí an Phlean a bhaint amach a oiread céanna. Mar shampla, ní féidir an luach céanna a chur le straitéis nó plean gníomhaíochta a ghlacadh agus dlí a theacht i bhfeidhm, i dtéarmaí an bhealaigh a gcuireann siad le cuspóirí na Saoráide a bhaint amach go díreach. Dá réir sin, déantar idirdhealú leis an modheolaíocht idir an dá chineál céimeanna atá sa Phlean, mar a leanas:

(i) **Céimeanna príomhúla** — sin iad na céimeanna a bhaineann le teacht i bhfeidhm dhlíthe na hÚcráine a bhfuil formheas ó Pharlaimint na hÚcráine agus daingniú ó Oifig an Uachtaráin ina gceanglas dá gcuid. Tá **comhéifeacht 2** ag na céimeanna sin.

(ii) **Gnáthchéimeanna** — sin iad na céimeanna athchóirithe uile seachas na céimeanna athchóirithe príomhúla (e.g. fodhlíthe, rúin, straitéisí, pleananna gníomhaíochta, treochláir etc. a ghlacann an rialtas.; córais TF a chur ar líne; tuairisciú ar thascaire infheistíochta, etc.). Tá **comhéifeacht 1** ag na céimeanna sin.

15. Tá an mhodheolaíocht bunaithe ar na cúig chéim seo a leanas:

(i) **Luach na céime in aghaidh na tráthchoda a ríomh.**

Is éard atá i luach na céime méid iomlán na tráthchoda (suim (i) na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus (ii) na tacaíochta iasachta) arna roinnt ar shuim an lín gnáthchéimeanna arna iolrú faoi 1 agus an lín céimeanna príomhúla arna iolrú faoi 2.

$$lc = \frac{lt}{gc + 2*ct}$$

I gcás inarb é lc luach na céime, inarb é lt luach na tráthchoda, agus inarb éard atá in gc agus ct an líon gnáthchéimeanna agus céimeanna príomhúla faoi seach sa tráthchuid.

(ii) **Luach fionraí na gcéimeanna nach gcomhlíontar go sásúil a ríomh.**

Chun aird chuí a thabhairt ar éagsúlachtaí idir na céimeanna, cuirfidh an Coimisiún comhéifeachtaí i bhfeidhm maidir leis na céimeanna athchóirithe príomhúla agus na gnáthchéimeanna athchóirithe:

(a) **Céimeanna príomhúla** = luach na céime (a ríomhtar faoi phointe i.) iolraithe faoi chomhéifeacht **2**.

(b) **Gnáthchéimeanna** = luach na céime (a ríomhtar faoi phointe i.) iolraithe faoi chomhéifeacht **1**.

(iii) **Luach na fionraí a choigeartú chun tosca maolaitheacha a chur san áireamh.**

I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí luach na fionraí a choigeartú chun tosca maolaitheacha a chur san áireamh. Áirítear ar na tosca maolaitheacha sin comhlíonadh luath na gcéimeanna atá i gceangal le tráthchodanna ráithiúla ina dhiaidh sin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, arna leasú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 agus leasuithe ina dhiaidh sin air. I gcás den sórt sin, ar choinníoll gur tugadh fógra cuí don Choimisiún faoi chomhlíonadh luath na céime, go bhfuil údar cuí tugtha leis san iarraidh ar íocaíocht a chuir an Úcráin isteach agus go meastar é a bheith comhlíonta go sásúil, d'fhéadfaí luach na fionraí a choigeartú síos ar bhonn méid a chomhfhreagraíonn do mheánluach na céime faoin tráthchuid atá ann faoi láthair, arna iolrú faoi chomhéifeacht 2 más céim phríomhúil í an chéim a comhlíonadh roimh ré. Déanfar an luach fionraíochta a shanntar do gach céim nár comhlíonadh go sásúil sa tráthchuid lena mbaineann a laghdú go comhréireach, agus comhéifeachtaí na gcéimeanna athchóirithe príomhúla agus na ngnáthchéimeanna athchóirithe á gcur san áireamh.

Toisc mhaolaitheach eile atá i bpáirt-chomhlíonadh céime. Más féidir leis an Úcráin a léiriú gur comhlíonadh céim go páirteach, d'fhéadfaí méid na fionraí a choigeartú síos ionas go mbeidh méid na fionraí fós i gcomhréir le neamhchomhlíonadh na céime. Ní fhéadfar toisc mhaolaitheach den sórt sin a mheas le haghaidh céimeanna cainníochtúla ach amháin i gcás inar féidir an páirt-chomhlíonadh a chinneadh go hoibiachtúil.

I gcás ina gcuirfear an dá thoisc mhaolaitheacha i bhfeidhm ina dtráthchuid amháin, cuirfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht i bhfeidhm chun na céimeanna a chomhlíonadh go luath ar dtús.

Ba cheart dreasachtaí leordhóthanacha a choinneáil ar bun chun céimeanna nár comhlíonadh go sásúil a chur chun feidhme.

Bunóidh an Chomhairle cur i bhfeidhm na dtosca maolaitheacha agus an cinneadh críochnaitheach maidir le luach coigeartaithe na fionraí, i gcomhréir le hAirteagail 19, 20 agus 26 de Rialachán (AE) 2024/792.

(iv) **Foinse an chistiúcháin a shannadh do gach céim aonair sa tráthchuid ráithiúil.**

Leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, arna leasú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 agus le leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, ní shanntar foinse chistiúcháin do na céimeanna aonair. Sonraítear sannadh den sórt sin sna cinntí cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle le haghaidh gach measúnaithe ráithiúil. Tá an cleachtas sin curtha i bhfeidhm cheana maidir leis na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle atá nasctha leis an gcéad sé thráthchuid ráithiúla den Phlean. I ngach tráthchuid ráithiúil, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún céimeanna áirithe a leithdháileadh ar an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus an chuid eile de na céimeanna a leithdháileadh ar an tacaíocht iasachta. Tá an leithdháileadh atá beartaithe fós le cinneadh faoi dhiscréid an Choimisiúin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Gníomhóidh an Coimisiún agus aird á tabhairt aige ar na leasanna is fearr chun cuspóirí na Saoráide don Úcráin a bhaint amach. Agus an leithdháileadh á mholadh aige, mar riail ghinearálta, maidir leis na céimeanna a mheastar nár comhlíonadh go sásúil, sannfaidh an Coimisiún ar dtús iad don tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha. An tráth céanna, áiritheoidh sé go mbainfear an úsáid is iomchuí as ranníocaíochtaí airgeadais breise i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arna cur ar fáil de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792.

(v) **An méid athbhreithnithe atá le heisíoc a ríomh.**

Déanfar an méid coigeartaithe a cuireadh ar fionraí a dhealú ón tacaíocht airgeadais atá ar fáil, bunaithe ar shannadh na foinse cistiúcháin, mar a mholtar faoi phointe (iv) thuas. Nuair is mó luach na fionraí ná an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a chuirtear ar fáil sa tráthchuid ráithiúil atá i gceist, cuirfear an difríocht ar fionraí ón tacaíocht iasachta. Ní féidir an méid a cuireadh ar fionraí a bheith níos mó ná méid iomlán an mhaoiniúcháin a leithdháiltear ar an tráthchuid féin, mar atá suim na tacaíochta neamh-inaisíoctha agus na tacaíochta iasachta. Nuair a dhéantar difear don tacaíocht iasachta, cuirfear imréiteach an réamh-mhaoiniúcháin san áireamh i ríomh an mhéid athbhreithnithe atá le heisíoc.

16. Is féidir leis an gCoimisiún an mhodheolaíocht seo a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a ghnóthaíonn sé níos mó taithí ar a cur i bhfeidhm. Cuirtear an mhodheolaíocht seo in ionad na modheolaíochta i dTeachtaireacht C(2025) 1725..